Díospóireaċt Roinn na Gaeltaċta

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

agus tá súil agam go mbeiḋ ar ċumas an Rúnaí Pairliminte rud éigin a ḋéanaṁ ċun feabas a ċur ar an scéal sin. Tá a fios aige go maiṫ go bfuil na daoine sin, go mór ṁór na h-oibriṫe atá ag dul go hAlbain agus áiteaċa eile ag tnú le feabas éigint le tamall fada. Tá obair ḋian le déanaṁ ag an Roinn agus caiṫfimíd comoibriú le ċéile ag iarraiḋ an scéal a leigeas. Aon rud is féidir linn a ḋéanaṁ ar an dtaoḃ seo den Tí déanfaimíd é aċ is fíor a rá go gcaiṫfiḋ an Rialtas seo níos mó a ḋéanaṁ ṫar mar a ḋein an Rialtas a ċuaiġ rompa.

Ag leanúint i mBéarla, dúirt Pádraic Ó Domnaill gur ṁaiṫ leis comġáirdeaċas ó ċroí a ḋéanaṁ leis an Rúnaí Pairliminte ar an onóir ṁór a tugaḋ dó nuair a ceapaḋ é mar Rúnaí Pairliminte do Roinn na Gaeltaċta. agus dúirt sé go raiḃ sé lán-ċinnte naċ raiḃ duine ar biṫ insan Dáil ní b'ḟearr a ḃí foirstíneaċ le aṁarc indiaiḋ na Roinne seo nó an Teaċta Pádraic Ó Faċtna.

Tá eolas cruinn aige ar an Ġaeltaċt ón taoḃ istiġ. Is cainteoir líofa Gaeilge é, agus caiṫeann sé beagnaċ gaċ saoire i gcroí lár na Fíor Ġaeltaċta, áit a labartar an Ġaeilge ag duine liaṫ agus leanḃ. Agus ar an ċúis sin aṁáin, is comarṫa dóċais a **ċeapaċán don teanga.** Níl mé dá rá sin mar béal bán, tá mé i ndáiríriḃ ag tairiscint an comġáirdeaċas seo.

Ḃí baint agam leis an Rúnaí Pairliminte ar ṁion-ḋóiġeanna le blianta, de ṫairḃe scéimeanna fá ċoinne na Gaeltaċta, agus tá súil agam go mbeiḋ toraḋ ar an guí adúirt sé san abairt deireannaċ dá óráid. De ṫairḃe an taoḃ seo den Dáil ar scor ar biṫ. ġeoḃaiḋ sé an coṁ-oibriú atá sé a iarraiḋ.

"Cím ó freagraí sa Dáil, gó ndeaċa daonra Fíor - Ġaeltaċt an Ċláir síos ó 3,434 in 1926 go 3,252 i 1936 go 2,934 in 1946 ⁊ 2,497 in 1956. Sin titim de 1,000 timpeall ó 1926 go 1956.

Ní sompla ceart de na condaeṫa Gaeltaċta, Clár, aċ ins na condaeṫa Gaillim, Tírċonaill Muiġeo agus Ciarraí, tá sé níos measa.

Ḃí 48,874 i dTírċonaill in 1926, aċ in 1956 ṫit sé go dtí 35,527 timpeall 13,000 ins na trioċa bliain.

Ḃí titim de 6,000 i nGaillim insan tréimse céanna, agus titim de 9,000 i gCiarraí.

Ní raiḃ aċ titim de 3,000 i nGaeltaċt Ṁuiġeo. Aċ sé an nós céanna é ins na Gaeltaċtaí go léir.

Ó bunaíoḋ an Stát seo, tá daonra na Gaeltaċta ag titim, ⁊ is fíor ḃeag atá dá ḋéanaṁ le cosc a ċur leis an titim sin.

"Den ċéad uair inniu, dúirt an Rúnaí Pairliminte gur caiṫeaḋ iomlán an airgid a ḃótáileaḋ do Roinn na Gaeltaċta. An ċéad uair a ṫárla sin ó bunaíoḋ an Roinn. Bliain indiaiḋ na bliana, ḃí airgead fágṫa gan caiṫeaṁ. Is comarṫa maiṫ é go bfuil an tairgead seo caite i mbliana, aċ níl ḟios agam ar tugaḋ breis fostaíoċta nuair a caiṫeaḋ an t-airgead nó an aṁlaiḋ gur ardú páiġe agus costaisí is cúis leis an caiteaċas.

tionscail

"Tugaim fé ndeara naċ dtáinig mórán aṫrú ar rudaí atá ann ar fad. Obair sa Ġaeltaċt, tiṫe, scoláireaċtaí agus seirḃísí sóisialaċa. Fiú aṁáin an dream is mó a ṫugann fostaíoċt insan Ġaeltaċt, Gaeltarra Éireann, níl cosúlaċt ar biṫ gur leaṫnaiġ siad amaċ a gcuid gnóiṫí mar ba ṁaiṫ linn iad a ḟeiceáil leaṫnaiṫe.

"Tá mise in éadan bunú tionscail ina gcaifear na teicneoirí nó na Saineolaiṫe a ṫaḃairt isteaċ, toisc go bfuil dainséar ann go gcuirfeaḋ sé Béarla ar aġaiḋ insan Ġaeltaċt. Tá i bfad níos mó déanta ag cuid de na h-eagrais deonaċa leis an Ġaeltaċt a ċaoṁnú ná tá ag Roinn na Gaeltaċta, anuas na blianta. is cuma cé ḃí ina bun.

"Cé gur leis an Ġaeltaċt agus na daoine ann atá an bóta seo ag deiġleáil, ní ṫig linn labairt faoi gan labairt faoi an teanga Ġaeilge. I ndáiríriḃ, ḃeaḋ sé níos foirstiní labairt ar an teanga Ġaeilge i meastaċán Roinn an Oideaċais, aċ ní ṫig leat an cliaḃán a ḃogaḋ gan an leanḃ a ḃogaḋ. Agus níl aṁras ar biṫ ná gurḃ í an Ġaeltaċt cliaḃán na Gaeilge. An lá a imeós an Ġaeltaċt imeóiḋ an teanga Ġaeilge mar deo-ṫeanga labarṫa agus sin deireaḋ leis go brá. Beiḋ sí ina ṫeanga marḃ cosúil le Laidin nó Gréigis.

coláistí gaeilge

"Ṁol mise ċom fada siar le 1950 gurḃ é an dóiġe ab' ḟearr leis an teanga do aṫḃeoċaint, micléinn do ċur go dtí an Ġaeltaċt ar feaḋ na bliana fá ċoinne líofaċt cainte a ḟáil. Ní leor mic-léinn a ċur ann ar feaḋ míosa nó dá ṁí sa tsaṁraḋ. Sa ċéad ċás, tá an Ġaeltaċt ró ḃeag, ⁊ tá barraíoċt de na scoláiri dá gcur ansin ag an am aṁáin, sa dóiġ naċ bfuil caoi acu le meascaḋ le pobal na Gaeltaċta agus leis na cainteoirí dúċais. Tá siad cruinniṫe le ċéile, agus níl caoi ceart acu le meascaḋ leis na daoine óga sa Ġaeltaċt agus an teanga labarṫa a ḟáil. Dá gcuirtí níos lú acu agus iad a ċur i gcaiṫeaṁ na bliana, ḃeaḋ sé níos fusa acu Gaeilge a ṫógáil, agus ċaḃróḋ siad leis an nGaeltaċt.

Is teaċt isteaċ maiṫ do ṗobal na Gaeltaċta coimneáil scoláiri míosaí an tsaṁraiḋ. Ag an am sin, tá saiḃreas insan Ġaeltaċt, nuair atá bean a' tí abálta lóistín a ṫaḃairt do uiṁir maiṫ scoláiri. Bíonn siad ag déanaṁ curaíoċt roiṁré ar na plasáin beaga imeasc na gcarraigeaċa fá ċoinne a ḃeiṫ abálta freastal ar na scoláiri. Dá gcuirtí scoláiri ar feaḋ na bliana, ba ṁór an spreagaḋ é do geilleagar na Gaeltaċta.

Ní ṡílim go bfuil sé do-ḋéanta. Níl mé rá gur ċeart do scoláiri a ḃeiṫ a freastal scoile ins na gná scoltaċa aċ ba ċeart dióḃa a ḃeiṫ a' freastal ar ranganna faoi leiṫ Gaeilge dá ṫeagasc ag múinteoirí oilte fána ċoinne. Aċ, go h-áiṫrid cainteoirí dúċais i gcanúint na h-áite.

D'ḟéadfaí méadú a ḋéanaṁ ar an uiṁir páistí a ċuirtear aċan ḃliain, agus dá mb'ḟéidir ba ċeart iad a ċur ina n-aonaid óna gcuid scoltaċa, san dóiġe, nuair a raċaḋ siad arais na ḃaile go leanfaiḋ siad a' labairt an ċanúint a d'ḟoġlaim siad sa Ġaeltaċt.

Dá ndéantaí sin, in ionad clann ṁac agus iníonaċ na ndaoine insan Ġaeltaċt a ḃeiṫ ag imeaċt, níor ḃfada go mbeaḋ siad ag tógáil a gcuid tiṫe féin ġeall ar a ḃeiṫ mar fear a' tí ⁊ bean a' tí iad féin. Ní aṁáin go mbeaḋ muid ag caoṁnú na Gaeltaċta aċ ḃeaḋ muid ag leaṫnú na Gaeltaċta amaċ insan ḃreac - Ġaeltaċt agus na ḋiaiḋ sin sa Ġalltaċt, rud a ḋéanfaiḋ maiṫeas ṁór den teanga.

foraoiseaċt

Níl mé rá gur féidir Coláistí Gaeilge a ḃunú ins na ceantair Gaeltaċta uilig agus áit naċ bfuil, ba ċeart dúinn iarraċt a ḋéanaṁ tionscail a ċur ar bun, bunaiṫe ar ábar an ċeantar féin. Níl ḟios agam dóiġe ar biṫ níos fearr ná foraoiseaċt. Tá sé ar ċeann de na dóiġeanna is fearr le obair a ċur ar fáil ins na ceantair ḃoċta sa Ġaeltaċt.

Ba ċeart don rúnaí pairliminte seo a ṗlé lena Aire agus féaċaint go mbeiḋ réiteaċ ann. Fiú aṁáin i gceantar naċ mbeaḋ sé eacnamiciúil foraois do ċur ċun cinn, go raċaiḋ níos fuide leis, fá ċoinne obair do ċur ar fáil don na cainteoirí dúċais, i ngnáċ coṁarsanaċt Gaeltaċta.

Táim a' déanaṁ aċaine don Rúnaí Pairliminte rud éigin a ḋéanaṁ faoi seo, nó, insan dóiġe seo, beiḋ sé ag déanaṁ obair ṁaiṫ leis an teanga do ċoinneáil insan ċoṁarsanaċt ceart.

báḋaí

Roinnt blianta ó ṡoin, agus mise i mbun Roinn na Gaeltaċta agus na gCeantar Cúng, mar a tugaḋ air san am, ḃí mé ag iarraiḋ rud éigin a ḋéanaṁ fá iascaireaċt. Tugaḋ báḋaí iascaireaċta do na cainteoirí dúċais, gan bearlais ar biṫ. Is trua liom a rá nár éiriġ leis an scéim, ar an ábar gurḃ éigin do na báḋaí iascaireaċt amaċ ó portanna naċ raiḃ Gaeilge dá labairt iontu. Ḃí an smaoineaṁ go maiṫ. Scipéar agus ciú a ḃeiṫ ann a ḃí ina gcainteoirí dúċais agus a ḋéanfaḋ gnáċ gnóṫa frío Gaeilge. Aċ b'éigin dióḃa an t-iasc a leanúint ó ṗort go port, agus úsáid a ḃaint as aiseanna na bportanna seo. Níor b'ḟéidir leanúint leis an scéim.

"Sílim anois gur ċeart níos mó a ḋéanaṁ faoi na báḋaí halfdecker. go h-áiṫrid in Iarṫar na hÉireann. Tá portanna insan taoḃ ṫiar in aice leis an Ġaeltaċt an áit a dtiocfaiḋ an scéim seo a ḟorḃairt, go h-áiṫrid fá ċoinne iascaireaċt gliomaċ agus bradán, agus iascaireaċt coiscladaí agus iascaireaċt scadán. Dá mbeaḋ na báḋaí ar fáil, tuigim go bfuil roinnt maiṫ cuanta beaga a ḃféadfaí forḃairt a ḋéanaṁ orṫa.

bealtaí móra

Tá an Roinn ag déanaṁ cuid ṁaiṫ maiṫeasa ag déanaṁ bealtaí úra móra insan Ġaeltaċt. Tá ḟios agam Gaeltaċt aṁáin, Rann na Feirtse, mar atá fios ag an Rúnaí Pairliminte, atá anois ag spréaḋ amaċ go dtí breac-Ġaeltaċt Anagaire. Tá an rud céanna ag titim amaċ i nGaoṫ Doḃair agus in Árainn Ṁóir. Agus ba ṁaiṫ liom molaḋ a ṫaḃairt don Rúnaí Pairliminte as an t-airgead a caiṫeaṁ ag déanaṁ bealtaí in Árainn Ṁóir.

Tá súil agam go leanfar den ṗolasaí, agus go ndéanfar iomlán na mbealtaí insan Ḟíor-Gael t-aċt mar sin, agus insan dóiġe sin, beiḋ an Rúnaí Pairliminte ag taḃairt aiseanna soisialta, ní hé aṁáin do luċt an oileáin iad ḟéin, aċ do ḋaoine a ḃéas a' dul ansin mar cuairteoirí, turasóirí agus scoláiri, sa dóiġe go mbeiḋ bealtaí maiṫe acu.

Tá mé a' déanaṁ aċaine leis anois, leanúint leis na deontaisí fiala seo fá ċoinne déanaṁ agus feaḃsú na mbealtaí ins na ceantair fíor-Ġaeltaċta. Agus tá súil agam go n-éireóiḋ leis taḃairt ar na Coṁairlí Condae na bealtaí seo a ġlacaḋ as láiṁ ⁊ iad a ċoṫaḃáil nuair a ḃéas siad déanta.

hallaí daṁsa

Roinnt blianta ó ṡin, ḃí suim airgid ar fáil fá ċoinne tógáil hallaí insan Ḟíor-Ġaeltaċt. Tá barraíoċt hallaí daṁsa san Ḟíor-Ġaeltaċt. Tá siad mar ṁallaċt ar an Ġaeltaċt. D'aṫraiġ mise an polasaí sin nuair a ḃí mé ina ḃun. In áit airgead a ṫaḃairt do hallaí rinnce, ċuir mé airgead ar fáil do Aṁarclanna ina mbeaḋ an Ġaeilg mar aonteanga. Ḃí lúṫair orm deontas £20,000 a ṫaḃairt do Aisteoirí Ġaoṫ Doḃair fá ċoinne Aṁarclann breá a ṫógáil ansin. D'éiriġ leis go h-iontaċ ar fad. Tagann cuairteoirí agus micléinn ann ar feaḋ na bliana uiliġ. Níor tógaḋ Aṁarclann ar biṫ eile san Ḟíor-Ġaeltaċt ó ṡoin. Is mór an trua sin. D'ḟéidir naċ raiḃ an tús-iarraċt ann, agus muna raiḃ, ba ċeart spreagaḋ a ḋéanaṁ faoin tús-iarraċt, agus tuilleaḋ Aṁarclann a tógaint. Má tá mé contráilte nár tógaḋ aṁarclann ar biṫ ó 1956, ṫig leis an rúnaí pairliminte mé a ċeartú. B'ḟearr liomsa an t-airgead a ḟeiceáil dá ċaiṫeaṁ ar aṁarclanna ná ar hallaí rinncí. Tá fáilte againn roiṁ aċaine an Rúnaí Pairliminte fá ċoinne có-oibriú. agus ġeoḃaiḋ sé an coṁ-oibriú uainn.

aṫḃreiṫniú

Ba ṁaiṫ liom go dtaḃarfaḋ sé aṫ-ḃreiṫniú ar teoranta na Fíor-Ġaeltaċta. Tá mé cinnte go bfuil cuiṁne ag an Rúnaí Pairliminte nuair a ḃí baile mór Falcarraċ taoḃ amuiġ de na ceantair Gaeltaċta. De ṫairḃe bealtaí a rinneaḋ, glacaḋ Falcarraċ isteaċ. B'ḟéidir go bfuil ceantair eile, san taoḃ ṫiar, taoḃ teas agus san taoḃ ṫuaiḋ, agus dá dtaḃarfaí scrúdú ceart dióḃa anois, go bféadfaí iad a ċur isteaċ san Ḟíor-Ġaeltaċt.

an páipéar bán

Níl an t-am foirstíneaċ fá ċoinne díospóireaċt ar an Ṗáipéar Bán, aċ, cuirim fáilte roiṁ an méadú sa deontas do ṗáistí Gaeltaċta. Sílim gur ċeart scrúdú cúramaċ a ḋéanaṁ ar an scéim. Tá ḟios agam áit aṁáin a bfuil Gaeilge ina teanga labarṫa insan teaċ, Gaeilge a foġlaimú atá ann ní hé Gaeilge na gcainteoirí dúċais, aċ diúltú deontas do na páistí, ar an ábar naċ naċ bfuil siad 'na gcainteoirí dúċais. Níor ċeart gurḃ é sin cuspóir na scéime. Ba é cuspóir na scéime teaġlaí a spreagaḋ le Gaeilg a labairt. Is cuma cé acu Gaeilge foġlamṫa nó Gaeilge dúċais atá ann.

Tá súil agam go dtaḃarfaiḋ an Rúnaí Pairliminte oiread aire do Ḟíor-Ġaeltaċt Ḋún na nGall agus a tugaḋ dó san am a ċuaiġ ṫart.

Seán MacEoċagáin

Tá má ag ceapaḋ go bfuil ċuile duine sásta fáilte a ċur roiṁ an Meastaċán seo. Tá an Meastaċán i mbliana níos airde ná mar a ḃí sé ariaṁ. Sé an trua. nuair a ṫosaiġ an lead óg seo ag caint, nár lean sé ar aġaiḋ i dteanga na tíre. Labair sé go maiṫ.

Nuair a ḃí an Coṁ-Rialtas ann ċeapadar Aire Gaeltaċta agus ní ḋearna sé tada mar ġeall ar an nGaeltaċt. Ní raiḃ ann aċ ioṁá. An bfuil an Ġaeltaċt níos fearr anois ná mar a ḃí sí? Tá an deontas le haġaiḋ tiṫe nua £300 níos airde ná mar a ḃí sé ariaṁ. Ġeoḃaiḋ tú £1,100 anois le teaċ nua a ṫógáil—le huisce agus ċuile ṡort.

Caiṫfimíd a rá naċ bfuil sin go dona agus gur fearr an scéal anois ná mar a ḃí sé nuair a ḃí Fine Gael in oifig. Tá mé ag ceapaḋ go bfuil níos mó tiṫe gloine ag teastáil sa bFíor-Ġaeltaċt. Ṫaḃarfaḋ a leiṫéid breis oibre dona daoine sa Ġaeltaċt.

Ba ċeart don Rúnaí Pairliminte ceist na dtiṫe gloine a leag stoirm iad blianta ó ṡoin a scrúdú. Níor dearnaḋ socrú ceart ina dtaoḃ fós.

Is ceart a rá go bfuil an deontas £5 árdaiṫe go dtí £10 anois. Is maiṫ an rud é sin. Tá rud aṁáin naċ bfuil mé sásta leis. Tá clann ón teaċ aṁáin ag freastal ar an scoil. Ġeoḃaiḋ duine acu an deontas £5 aċ ní ḃfaiġiḋ an ceaṫrar eile deontas ar ċor ar biṫ. Tá an Ġaeilge ag gaċ duine den ċlann sin. An measann an cigire go bfuil sé ceart san scrúdú an deontas a ṫaḃairt do ḋuine aṁáin den ċlann sin agus é a ċoinneáil ón gceaṫrar eile? An measann an cigire go bfuil an Ġaeilge níos fearr ag an duine a ġeiḃeann an £5 ná mar atá ag an gceaṫrar eile?

Tá deontas ḃóiṫre le fáil sa Ġaeltaċt agus is maiṫ an scéal é sin freisin. Ba ṁaiṫ liom a iarraiḋ ar an Rúnaí Pairliminte liosta dena bóiṫre sin a ċur ċuig gaċ innealtóir i nGaillim ċoṁ lua agus a ḃeiḋ na bóiṫre seo críoċnaiṫe. Tá Coṁairle Ċo. na Gaillimhe sásta na bóiṫre seo a ṫógáil faoi ḋó sa ḃliain, san Earraċ agus sa saṁraḋ. Muna mbíonn liosta na mbótar seo ag an innealtóir go dtí roiṁ an Nollaig b'ḟéidir naċ mbeiḋ an t-innealtóir sásta iad a ṫógáil san Earraċ. Ċoṁ luaṫ agus a bíonn na bóiṫre críoċnaiṫe ba ċóir an liosta a ċur ċuig an Ċoṁairle Ċondae i nGaillim.

Ḃí mé ag éisteaċt leis an Teaċta Coogan ó Ġaillim. Níl an ceart aige san rud a dúirt sé. Dúirt sé naċ raiḃ Béarla ar biṫ dá ṁúineaḋ in aon scoil sa bFíor-Ġaeltaċt. Munar ṫug sé cuairt ar scoil ar biṫ sa bFíor-Ġaeltaċt ba ċeart dó dul amaċ agus feicfiḋ sé ansin leaḃraí Béarla ag na gasúirí ċoṁ maiṫ le leaḃraí Ġaeilge. Dá ḃrí sin, tá an Béarla dá ṁúineaḋ leis na gasúirí sin. Is mór an náire don Teaċta Coogan ḃeiṫ ag rá rudaí naċ bfuil fíor.

Ḃí mé ag éisteaċt leis an Teaċta Ó Laoġaire. Dúirt sé go raiḃ an Ġaeltaċt ag imeaċt. Is trua naċ dtéann sé féin ċuig Gaeltaċt na Gaillimhe agus feicfiḋ sé ansin go bfuil an Ġaeilge á labairt ann ċoṁ maiṫ agus a ḃí riaṁ. Cónaím i bFíor - Ġaeltaċt na Gaillimhe agus is dóiġ liom go bfuil an Béarla dá ṁúineaḋ i ngaċ scoil inte ċoṁ maiṫ leis an Gaeilge.

Téann páistí go dtí an Ġaeltaċt ċun an Ġaeilge d'ḟoġlaim faoi scéim Gael-Linn, cuir i gcás. Is maiṫ an scéim í sin. Labarfaiḋ siad an Gaeilge go maiṫ. Scaipfear an Ġaeilge tríd an tír nuair a raġaiḋ siad aḃaile.

Ní raiḃ fúm labairt ar an Meastaċán seo aċ nuair a ċuala mé Teaċtaí ón dtaoḃ eile agus rudaí naċ raiḃ fíor dá rá acu ċeap mé go mba ċóir dom iad a ċeartú. Molaim an Rúnaí Pairliminte. Fear óg is ea é, fear go bfuil meas ar an dteanga aige agus fear leis a labrann an teanga. Tá súil agam go raġaiḋ sé ar aġaiḋ leis an obair.

Donnċaḋ Ó Briain

Ba ṁaiṫ liom traoslú leis an Rúnaí Pairliminte agus coṁġáirdeaċas a ḋéanaṁ leis. Is tromḋian an obair seo atá idir láṁaiḃ aige. Tá faḃbanna do-réitiṫe beagnaċ roimis amaċ agus caiṫfiḋ sé taḃairt fuṫu agus iarraċt a ḋéanaṁ réiteaċ d'ḟáil orṫu. Is trua liom gur ṫáinig aon Béarla isteaċ sa díospóireaċt seo. Is trua liom nár lean an Teaċta Ó Doṁnaill leis i nGaeilge. Do ṫuigfimís go maiṫ é. Is trua liom leis nár lean an Teaċta Ó Laoġaire ón Luċt Oibre leis an nGaeilge a labairt. Is trua gur iompaiġ sé ar an mBéarla mar óráid níos simiciúla níor ċuala mé riaṁ ó fear ċoṁ h-óg leis.

Ṁol an Teaċta Ó Doṁnaill rud agus táim ar aon aigne leis ina ṫaoḃ, sé sin, go mba ċeart don Rúnaí Pairliminte limistéirí na Gaeltaċta faoi mar atá siad leagṫa síos in Aċt na Gaeltaċta, nó reaċt éigin den tsaġas sin, a

(Ar. lean. ar leath. 5)